

# Bóthar Áitiúil Dhoire na Sagart L-92208

N22BBM

Meitheamh 2023

Léiríonn athoscailt Bhóthar Áitiúil Dhoire na Sagart gur baineadh amach clochmhíle bheag ach suntasach eile i dtionscadal foriomlán an N22BBM.

Atreorú srutha:

Cuireadh tús leis an ngné áirithe seo den tionscadal iomlán le hatreorú srutha a thógáil ar an Abha Gharbh i nDoire na Sagart in 2022. Bhí an obair seo le déanamh sa séasúr cuí d'oibreacha insrutha chun ceanglais lascaigh Intíre Éireann a chomhlíonadh. Bhí rochtain ar an suíomh trí thalamh príobháideach i nDoire na Sagart agus tá an conraitheoir an-bhuíoch as an gcomhoibriú a fuarthas ón úinéir talún atá i gceist agus ó mhuintir na háite i nDoire na Sagart, a chur ar ár gcumas an obair seo a chríochnú i dtréimhse ama réasúnta gairid.

Críochnaíodh atreorú an tsrutha i mí Iúil 2022, rud a d'fhág gur cuireadh spás ar fáil chun nascbhóthar a thógáil idir acomhal nua Bhaile Bhuirne agus Droichead Colthurst ar Bhóthar Áitiúil Dhoire na Sagart.



Abhann-Gharbh

Dúnadh Bóthair:

Chun an nascbhóthar nua a thógáil, ar a dtugtar Bóthar Áitiúil Acomhal Bhaile Bhuirne Theas go hoifigiúil, b'éigean an chuid de Bhóthar Áitiúil Dhoire na Sagart soir ó Dhroichead Colthurst a dhúnadh. Fuarthas Dúnadh Bóthair foirmiúil ó Chomhairle Contae Chorcaí tar éis dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána agus leis an Innealtóir Ceantair áitiúil, le tosú ar 7 Feabhra 2023 ar feadh tréimhse 16 seachtaine. Chuirimsigh an dúnadh seo atreorú siar ar feadh achar de bheagnach 1.5km do na cónaitheoirí áitiúla agus bhí gá le roinnt glanadh fál le cinntiú go cinntiú go mbeadh seirbhísiú ar an mbealach indéanta. Dáileadh fógra i bhfoirm litreach ar theaghlach áitiúla ar 1 Feabhra ag tabhairt sonraí faoin dúnadh a bhí le teacht.



tógáil an bhóthair áitiúil

Oibreacha:

Cuireadh tús le hoibreacha ar thógáil an nascbhóthair ar 7 Feabhra 2023 mar a bhí beartaithe, a luaithe a tháinig an dúnadh bóthair agus an bealach atreoraithe i bhfeidhm, a bhí gar don obair leanúnach a bhí ar siúl ar chlaifort príomhlíne nua an N22. Bhí tógáil foirmiú don bhóthar nua i gceist le tógáil an nascbhóthair nua agus ansin an tsraith chaipínithe, sraitheanna fo-bhonn agus bonn an bhóthair agus críochnaíodh é le 3 shraith dromchla 'blacktop'. Ina theannta sin, b'éigean draenáil agus ductáil a chur ar fáil, chomh maith le colbhaí, cosáin agus soilsiú poiblí. Áiríodh le hoibreacha críochnaithe bóithre, soláthar stodaí bóthair agus comharthaíocht. Críochnaíodh na hoibreacha de réir an scedil agus osclaíodh an nascbhóthar nua do thrácht ar an Aoine 26 Bealtaine 2023, mar a bhí beartaithe.



Acomhal Baile Bhuirne

## Conclúid:

Ba chuid bheag ach thábhachtach de thionscadal foriomlán an N22BBM é tógáil Bhóthar Áitiúil Acomhal Bhaile Bhuirne Theas, a raibh dúshlán shuntasacha i gceist leis, lena n-áirítear oibreacha insrutha faoi shrianta ama agus an láithreán féin srianta ó thaobh spáis. Is é an buntáiste mór a bhaineann leis an nascbóthar nua d'úsáideoirí Bhóthar Áitiúil Dhoire na Sagart ná go gcuireann sé rochtain dhíreach, shábháilte ar fáil dóibh ar an mbóthar áitiúil agus go gcuireann sé deireadh leis an rochtain dhíreach ar an gcuid ardluais den N22 go raibh ar chónaitheoirí a úsáid roimhe seo. Ba chóir go mbeadh sé seo ina bhuntáiste suntasach d'úsáideoirí bóithre áitiúla. Ábhar suntais é go bhfanfaidh an Bhainistiú Tráchtá Sealadach agus an t-atreorú ar acomhal nua Bhaile Bhuirne i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh príomhlíne nua an N22 i seirbhís, atá le tarlú faoi láthair i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Tá áthas ar an gconraitheoir a bheith in ann a dheimhniú go bhfuil an obair seo críochnaithe de réir an sceidil agus ba mhaith leis arís a bhuíochas a chur in iúl as tacaíocht agus cúnamh ó chónaitheoirí áitiúla, úinéirí talún agus maoiné, a chabhraigh le seachadadh tráthúil na n-oibreacha seo.

